



An Dara Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe



Clár Ábhair

Brollach	2
1 Faoin straitéis seo	5
1.1 Réamhrá	5
1.2 OFI agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe	8
1.3 Ár gComhthéacs Beartais	10
1.4 An Straitéis a Mhúnlú	13
2 Dul chun cinn go dtí seo	15
3 Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta OFI go 2030	17
3.1 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 1: Beartas a Chur Chun Cinn	17
3.2 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 2: Timpeallachtaí Foghlama a Athrú ó Bhonn	19
3.3 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 3: Cumas Oideoirí a Fhorbairt	20
3.4 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 4: Cumhachtú agus Slógadh Daoine Óga	21
3.5 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 5: Dlús a chur le gníomhartha ar leibhéal áitiúil	23
4 Conas a rachaimid ann?	24
4.1 Cur i bhfeidhm agus monatóireacht	24
5 Aguisíní	25
5.1 Acrainmneacha	25



Brollach

Tá dúshlán dhomhanda ollmhóra romhainn, ar nós athrú aeráide agus neamhionannais atá ag fás. In Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) cuirtear chun cinn agus tugtar tacaíocht d'fhorbairt na scileanna riachtanacha, an eolais agus na ndearcchaí a chuidíonn le gach duine dul i mbun gnímh le haghaidh todhchaí agus pláinéid inbhuanaithe.

Sa Dara Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: *OFI go dtí 2030*, cuirtear creat ar fáil ann chun an t-ionchur a stiúradh agus chun tacú leis an ionchur atá á dhéanamh ag an earnáil oideachais agus a bheidh á dhéanamh aici i dtreo todhchaí inbhuanaithe faoi 2030.

In *OFI go dtí 2030*, clúdaítear an leanúntas oideachas múinteoirí in Éirinn, ón luathfhoghlaim agus luathchúram go dtí an t-oideachas tríú leibhéal agus cúrsaí taighde, agus téann sé níos faide ná sin chun teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla, agus le grúpaí óige tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Ag tógáil ar an dul chun cinn a baineadh amach sa chéad Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (2014-2020), in *OFI go dtí 2030*, leagtar amach na cúig phríomhréimse tosaíochta atá le tabhairt fúthu sna blianta amach romhainn.

Thar aon rud eile, is é aidhm na straitéise seo ná a chinntiú go gcuirtear OFI i bhfeidhm go daingean inár gcreata polasaí agus oibríochtúla, agus chomh maith leis sin, déantar iarracht ann ár dtimpeallachtaí foghlama a athrú ó bhonn. Ní mór don inbhuanaitheacht agus don chuimsiú a bheith i gcroílár an oideachais, leis na príonsabail seo ní hamháin curtha i bhfeidhm go daingean inár dteagasc agus foghlaim agus taighde, ach sa chaoi ina ndéanaimid bainistíocht agus rialú ar ár dtimpeallachtaí oideachais agus ár gcomhpháirtithe le pobail áitiúla freisin. Tá a fhios againn go bhfuil ár scoláirí an-tugtha don thimpeallachtaí foghlama inbhuanaithe a chruthú agus caithfimid tacú leo chun 'maireachtáil ina bhfoghlaimíonn siad', agus beart a dhéanamh ar feadh a saoil.

Tá sé ríthábhachtach go n-ullmhaimid ár n-oideoirí le bheith cumasach chun na príonsabail agus cleachtais OFI a chur i bhfeidhm go daingean ag gach leibhéal inár gcóras oideachais, agus go bhfuil fáil ar na huirlisí agus ábhair don OFI ionas go gcuirtear daoine agus pobail ar a gcumas chun fiordhifriocht a dhéanamh ina saol.

Is é aidhm na straitéise seo ná feabhas a chur ar an gceannaireacht OFI in institiúidí oideachais agus sa phobal i gcoitinne, agus tugtar tacaíocht inti do rannpháirtíocht ghníomhach, agus do rannpháirteachas na leanaí agus na ndaoine óga, ár saoránaigh dhomhanda den todhchaí, sna próisis cinnteoireachta. Leis an OFI, is féidir machnamh criticiúil a dhéanamh, feachtas níos mó a chothú, agus saoránaigh a chur ar a gcumas ionas gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar fhíseanna agus coincheapa nua, agus forbairt a dhéanamh ar mhodhanna agus uirlisí nua. Is féidir léi cuidiú linn leis an tsochaí a ullmhú chun dul i ngleic go cruthaitheach le cásanna sa todhchaí agus iad a shamhlú ar bhealach inbhuanaithe.

Cé go mbeidh ár dtrí roinn faoi seach i mbun na straitéise seo, cuirfear í i bhfeidhm trí chur chuige trasrialtais agus i ndlúthchomhar leis na suíomhanna luathfhoghlama agus luathchúraim, scoileanna institiúidí breisoideachais agus ardoideachais, grúpaí óige, eagraíochtaí sochaí sibhialta, údarais áitiúla, pobail, agus fiontraíocht.

Tá a fhios againn nach mbeidh sé éasca, ach tabharfaidh an creat seo tacaíocht dúinn chun oibriú le chéile chun tabhairt faoi shaincheist a bhfuil tionchar aici orainn ar fad anois agus le haghaidh na nglúnta amach anseo.

Agus muid ag obair i gcomhar lena chéile, is féidir linn athrú dearfach a bhaint amach.



Simon Harris
**An tAire Breisoideachais agus
Ardoideachais, Taighde,
Nuálaíochta agus Eolaíochta**



Normal Foley
An tAire Oideachais



Roderic O'Gorman
**An tAire Leanáí,
Comhionannais,
Míchumais,
Lánpháirtíochta agus Óige**



1 Faoin straitéis seo

1.1 Réamhrá

“Táimid ag fiafraí níos mó an bhfuil an méid a fhoghlaimíonn daoine fíor-ábhartha dá saol, an gcabhraíonn an méid a fhoghlaimíonn siad lena chinntiú go mairfidh ár bpláinéad. Is féidir le hOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe an t-eolas, an fheasacht agus an ghníomhaíocht a chur ar fáil a thugann cumhacht do dhaoine iad féin a athrú ó bhonn agus sochaithe a athrú ó bhonn”.

Stefania Giannini, Ard-Stiúrthóir Cúnta an Oideachais, EOECA¹

Nuair a cuireadh an straitéis seo le chéile, cuireadh ár ndomhan ar an eolas níos feasaí ná riamh faoi leochaileacht ár bheith ann ar an bpláinéad seo. Tá gníomhaíocht an duine ag cur isteach go contúirteach agus go forleathan ar an dúlra agus ag cur isteach ar shaol agus ar fholláine na billiún duine ar fud an domhain tríd an athrú aeráide, agus is iad na daoine is lú atá in ann déileáil leo². Tá athruithe móra tagtha ar an gcuidreamh geopholaitiúil, le méadú ar an bhfuathchaint, ar ráig an chogaidh, agus ar an gcoimhlínt atá ar siúl ar fud an domhain. Tá ról na meán sóisialta maidir le mífhaisnéis a scaipeadh ag éirí níos soiléire anois.

Táimid ag teacht chun cinn go mall freisin ó ghéarchéim sláinte dhomhanda, a raibh tionchar ollmhór aici ar chórais oideachais ar fud an domhain, le scoileanna, ollscoileanna agus spásanna óige i roinnt tíortha dúnta ar feadh dhá bhliain agus baol ann nach bhfillfidh roinnt leanaí agus daoine óga ar an oideachas choíche.

Mhúin sé seo dúinn go bhfuil prionsabail agus luachanna an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) níos ábhartha ná riamh. Is féidir le OFI a bheith ina ghné threorach mhór den mhéid a dhéanaimid san oideachas agus ní mór é a bheith ina ghné mhór treorach. Tugann OFE cumhacht do dhaoine a bhfuil na hinniúlachtaí acu an bealach a smaoineonn siad a athrú agus oibriú i dtreo todhchaí inbhuanaithe³.

Is éard is forbairt inbhuanaithe ann ná forbairt a fheastalaíonn ar riachtanais na linne seo gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a riachtanais féin⁴.

Baineann forbairt inbhuanaithe leis an gcuidreamh idirpleách idir daoine agus an pláinéad, agus tá sí bunaithe ar an smaoineamh maidir le cothromas ó ghlúin go glúin.

Mar phróiseas foghlama ar feadh an tsaoil, cuireann OFI ar chumas daoine an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus na naisc agus na hidirthuilleamaíochtaí idir ár ngníomhartha aonair, an tsochaí níos leithne agus an timpeallacht nádúrtha agus an timpeallacht atá tógtha ag an duine, go háitiúil agus go domhanda, a aithint.

Tá OFE bunaithe ar phrionsabail an cheartais shóisialta, an chothromais agus na hurraise do chearta an duine agus féachann sé le saoránaigh ghníomhacha, de gach aois, a chothú, ar saoránaigh iad atá spreagtha chun gníomhú i dtreo todhchaí inbhuanaithe. Trí fhoghlaim óna chéile agus trí bheith ag obair ina n-aonar agus i dteannta a chéile, is féidir aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin dhomhanda an 21ú hAois amhail an t-athrú aeráide, an bhochtaineacht, an neamhionannas, tomhaltas inbhuanaithe, sláinte agus folláine.

¹ <https://en.unesco.org/news/unesco-member-states-map-future-education-sustainable-development>

² IPCC (Feabhra 2022) https://www.ipcc.ch/report/ar6/wg2/downloads/press/IPCC_AR6_WGII_PressRelease-English.pdf

³ <https://en.unesco.org/themes/education-sustainable-development>

⁴ Ár dToghchaí Choiteann/Tuarascáil Brundtland (1987). Ar fáil ó: <https://sustainabledevelopment.un.org/content/documents/5987our-common-future.pdf>

Oideachas d'fhonn Forbairt Inbhuanaithe

Tugann OFI cumhacht d'fhoghlaimoirí a bhfuil eolas, scileanna, luachanna agus dearcthaí acu cinntí eolasacha a dhéanamh agus gníomhartha freagracha a dhéanamh maidir le sláine chomhshaoil, inmharthanacht eacnamaíoch agus sochaí chóir a thugann cumhacht do dhaoine de gach inscne, do na glúine atá ann faoi láthair agus do na glúine atá le teacht, agus urraim á tabhairt ag an am céanna don éagsúlacht chultúrtha.


Is próiseas foghlama ar feadh an tsaoil é OFI agus is cuid lárnach d'oideachas ardchaighdeáin é a fheabhsaíonn gnéithe cognaíocha, sóisialta agus mothúchánacha agus iompraíochta na foghlama. Tá sé iomlánaíoch agus claochlaitheach agus cuimsíonn sé ábhar agus torthaí foghlama, oideolaíocht agus an timpeallacht foghlama féin.

EOECNA, 2021

- **Sóisialta:** cothromas, sláinte; oideachas a chur ar fáil; tithíocht shóisialta; laghdú bochtaineachta, fás daonra; cothromas inscne; éagsúlacht chultúrtha; saoránacht; an tsíocháin; cearta an duine; an daonlathas; dea-rialachas; comhar idirnáisiúnta; iltaobhachas.
- **Eacnamaíoch:** fás eacnamaíoch; bochtaineacht; praghsanna bia; saothar leanaí; eisiámh sóisialta; urrús fiachais; patrúin táirgthe agus tomhaltais; freagracht chorpáraídeach; obair chuibhiúil chóir; an imirce; neamhionannas domhanda.
- **Comhshaoil:** Tá éiceachórais shláintiúla, bithéagsúlacht agus caomhnú bunriachtanach do shlándáil agus d'inbhuanaitheacht leanúnach an chine dhaonna, agus bíonn tionchar acu ar gach gné de shaol daoine (an t-athrú aeráide; laghdú rioscaí tubaiste; cosaint an chomhshaoil; bainistiú acmhainní nádúrtha; lobhadh uirbeach; slándáil uisce).

Tarlaíonn OFI ag an nasc idir trí cholún idirnasctha agus tá trí cholún idirnasctha mar bhonn taca leis, a léirítear i bhFíor 1 agus a bhfuil tuilleadh sonraí iontu thíos:

Fíor 1.



Is é **OFI go 2030** an Dara Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe, arna comhfhorbairt ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara. Is roinn chomhurráithe í an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige do chur i bhfeidhm na straitéise.

Tógann sé ar an rath a bhí ar an gcéad straitéis OFI (2014-2020) agus tá sé mar aidhm leis tacú le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4.7 a bhaint amach, chomh maith le bheith ina phríomhchumasóir chun gach Sprioc Forbartha Inbhuanaithe eile a bhaint amach. Cuireann an straitéis creat ar fáil chun an méid atá á dhéanamh ag an earnáil oideachais a stiúradh agus chun tacú leis agus leanfaidh sí ar aghaidh ag déanamh i dtreo todhchaí inbhuanaithe faoi 2030. Tá plean gníomhaíochta 4.5 bliain 2022-2026 ag gabháil leis, agus tá athbhreithniú eatramhach beartaithe in 2026 chun an dul chun cinn a mheas agus aon gníomhaíochtaí breise a theastaíonn go dtí 2030 a shainiú.

Cuimsíonn an straitéis cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil, a chuimsíonn an contanam ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige go hoideachas agus taighde tríú leibhéal, agus a shíneann níos faide ná sin chun teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla, grúpaí óige agus fiontar.

Tá struchtúr na straitéise ailínithe le Creat EOECNA do OFI do 2030 agus cuimsíonn sé cúig phríomhréimse gníomhaíochta tosaíochta:

Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta
1. Beartas a Chur Chun Cinn
2. Timpeallachtaí Foghlama a Athrú ó Bhonn
3. Cumas Oideoirí a Fhorbairt
4. Daoine Óga a Chumhachtú agus a Shlógadh
5. Dlús a chur le gníomhartha ar leibhéal áitiúil

Lean na príomhphrionsabail a bhí mar bhonn agus mar thaca ag an gcéad Straitéis Náisiúnta ar OFI ag treorú ár smaointeoireachta i bhforbairt OFI go 2030 agus sa phlean forfheidhmithe a ghabhann leis agus táimid tiomanta dóibh arís anseo.

Príomhphrionsabail

Beidh sé mar aidhm ag OFI in Éirinn:

- Foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus gach earnáil den chóras oideachais a mhealladh, lena n-áirítear.
- Cothromaíocht a bhaint amach idir cúinsí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha.
- A bheith ina ghníomhaire d'athrú dearfach ar shochaithe a atreorú i dtreo forbairt a chur chun cinn.
- Béim a leagan ar cheartas sóisialta agus ar chothromas, ar cheartas aeráide, ar fhrithchiníochas agus ar idirchultúrachas.
- Díriú ar luachanna agus saoránacht dhaonlathach ghníomhach agus cuimsiú gníomhach a chur chun cinn mar bhealach chun an duine aonair agus an pobal a chumhachtú.
- A bheith ábhartha go háitiúil agus an leibhéal áitiúil a nascadh leis an leibhéal náisiúnta agus domhanda ag an am céanna.
- A bheith idirdhisciplíneach agus idirspleáchas agus idirnascthaí a aithint ar fud earnálacha eile.
- Teicnící oideolaíocha éagsúla a chur chun cinn agus a úsáid a thacaíonn le foghlaim ghníomhach agus rannpháirteach, smaointeoireacht chriticiúil agus forbairt phríomhsmachtaí agus phríomhscileanna.

Ó 2014 i leith, meastar gur scáth-théarma é OFI agus leantar de na comóntachtaí láidre idir OFI agus cineálacha eile oideachais luachanna a aithint sa straitéis seo, go háirithe le hoideachas saoránachta domhanda agus oideachas forbartha. Tá sineirgí ann freisin le hoideachas comhshaoil, oideachas chearta an duine, oideachas idirchultúrtha agus oideachas síochána. Oibreoimid le comhpháirtithe chun naisc a thógáil agus ár dtionchar comhroinnte a uasmhéadú tríd an straitéis seo.

1.2 OFI agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Is príomhghné de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe do dhaoine, don phláinéad, don tsíocháin, don rathúnas agus do chomhpháirtíochtaí é OFI. Bhí ról lárnach ag Éirinn i bhforbairt na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2015. Tháinig na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2016, dhá bhliain tar éis fhorbairt na chéad Straitéise Náisiúnta maidir le OFI.

Tá feidhm ag na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (ar a dtugtar Spriocanna Domhanda freisin) maidir le tíortha ardioncaim, meánioncaim agus ísealioncaim, a bhfuil freagrachtaí coitianta ach difreáilte orthu. Tá gealltanais tugtha ag Éirinn, trí chur chuige uile-rialtais, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhtháthú i mbeartas agus i bpleanáil ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Roinneann An Roinn Oideachais, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais,

Lánpháirtíochta agus Óige an phríomhfhreagracht as Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 a chur i bhfeidhm: Oideachas Ardchaighdeáin. Aithnítear go forleathan gur gné lárnach de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 é OFI, chomh maith le bheith ina phríomhchumasóir do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe eile go léir⁵.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 4.7:

“faoi 2030 a chinntiú go bhfaighidh gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna is gá chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc nithe eile trí oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus do stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, cultúr síochána agus neamh-fhoréigin a chur chun cinn, saoránacht dhomhanda, agus meas ar éagsúlacht chultúrtha agus ar rannchuidiú an chultúir leis an bhforbairt inbhuanaithe”.

Is príomhghné dá ndearadh é nádúr comhtháite seo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe – agus OFI i gcoirlár an méid ba cheart do chóras oideachais a sholáthar d’foghlaimeoirí agus don tsochaí, tá na spriocanna níos leithne faoi Sprioc 4 an-ábhartha agus tábhachtach freisin do chlár

oibre OFI ina bhfuil téamaí amhail cuimsiú, comhionannas inscne, scileanna d’obair chuibhiúil agus peirspictíocht dhomhanda. Ar an gcúis sin, déanaimid ár ndícheall a chinntiú go mbeidh **OFI go 2030** bunaithe go láidir ar na deich sprioc faoi Sprioc 4.

Cé nach bhfuil sé i gceist gurb í an straitéis seo an t-aon rud a spreagann na spriocanna uaillmhianacha seo don chóras oideachais, táthar ag díriú go láidir ar ailíniú beartais agus comhleanúnachais le straitéisí rialtais eile a chinntiú chun an tionchar is mó is féidir a imirt ar fud na réimsí éagsúla.

Tá ionadaíocht ag ár dtrí roinn ar Ghrúpa Oibre Idir-Rannach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ar Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach, agus ar Ghrúpa Rialachais Sonraí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus oibreoidh siad go dlúth le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an Phríomh-Oifig Staidrimh, chun a chinntiú go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4.7, chomh maith leis na spriocanna níos leithne faoi Sprioc 4, a chur chun cinn thar thréimhse na straitéise.

Fíor 2: OFI agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.



Fíor 3: Sprioc faoi SFI 4.



⁵ <https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000366797.locale=en> Ich. 2. Arna rochtain ar an 23 Márta 2022.

San íomhá thíos, ó Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe in Éirinn 2019 – Tuarascáil ar Tháscairí d'Oideachas Ardchaighdeáin Sprioc 4 (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2020)⁶ tugtar le fios cuid de na sonraí is déanaí a foilsíodh a bhaineann le seasamh na hÉireann maidir le spriocanna Sprioc 4 a bhaint amach:

Fíor 4: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe in Éirinn 2019 – Tuarascáil ar Tháscairí do Sprioc 4 Oideachas Ardchaighdeáin.

Agus Éire ag iarraidh OFI a leabú tuilleadh ar fud chontanaim an oideachais, gan amhras tacóidh sí freisin leis na 16 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe eile a bhaint amach. Féachann OFI le tuiscint a fhorbairt ar na hidirnaisc idir córais shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil agus cothaíonn sé forbairt scileanna agus an spreagadh chun gníomhú ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe. Leis an straitéis seo, déantar iarracht naisc a

chruthú, trí chomhpháirtíochtaí agus sineirgí le pleananna náisiúnta, ag tacú le clár oibre SFI a sheachadadh go comhtháite.

Tá an cur chuige seo i gcomhréir le cur chuige roinnt tíortha Eorpacha eile. Tacaíonn tíortha ar nós na Gearmáine agus na Sualainne leis an tuairim freisin gur féidir le córais oideachais tionchair dhearfacha a imirt ar fud raon na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus Sprioc

4 á coinneáil mar thosaíocht ag an am céanna. Cuireann an Íoslainn i bhfios go láidir freisin an teachtaireacht go mbeidh córas oideachais maith cuimsitheach ina chóras go huathoibríoch a chothaíonn OFI agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, tinreamh scoile agus guth na mac léinn ina leith sin.



**An
Phríomh-Oifig
Staidrimh**


Central
Statistics
Office

**SUSTAINABLE
DEVELOPMENT
GOALS**



Goal 4 - Quality Education

Persons Aged 25-64 Years with Third Level Education Qualification, 2019 (SDG 4.6.1)



(Map: NUTS 3)

Source: CSO, Educational Attainment

Student Assessment Proficiency Level - 15 Year Olds, 2018 (SDG 4.1.1)

Above Level 1
Level 4+

Source: Educational Research Centre, PISA 2018



Reading

88%

36%



Maths

84%

29%

Participation Rate of Youth and Adults in Education, 2018 (SDG 4.3.1)

Leaving Certificate Retention Rate

91.5%


Source: Department of Education & Skills



Enrolment Rate in Full-Time Primary Education, 2015 (SDG 4.2.2)


	Age 4	Age 5
Both Sexes	33.8%	96.7%
Male	32.2%	96.8%
Female	35.5%	96.5%

Source: Department of Education and Skills



Youth and Adults with IT Skills, March 2020 (SDG 4.4.1)

Individuals' Use of the Internet Within the Last 3 Months



Source: CSO Survey on Impact of COVID-19 on ICT Usage by Households

6 <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-sdg4/irelandsunsdgs2019-reportonindicatorsforgoal4qualityeducation/>

1.3 Ár gComhthéacs Beartais

Comhthéacs Idirnáisiúnta

Mar a leagtar amach sna codanna roimhe seo, is príomhthiománaí é an creat uileghabhálach a chuir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus Sprioc 4.7 ar fáil go háirithe, atá mar bhonn agus mar thaca ag an straitéis nua seo. D’fhógair Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Deich mBlíana Gníomhaíochta, 2020-2030 i mí Mheán Fómhair 2019, dlús a chur leis na hiarrachtaí chun Clár Oibre 2030 uailmhianach, uilíoch agus cuimsitheach a bhaint amach.

D’fhorbair EOECA, mar phríomhghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe maidir le OFI, ‘treochlár’ chun treoir a thabhairt do lucht déanta beartas náisiúnta OFI a phríomhshruthú i gcórais oideachais agus chun tacú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach le linn na nDeich mBlíana Gníomhaíochta seo. Aontaíodh go ndéanfar an méid seo a leanas i dTreochlár EOECA: Is é ‘OFI do 2030’⁷ an treoir dhoiciméad chun an straitéis nua a fhoirmliú, lena soláthrófaí creat de réimsí gníomhaíochta tosaíochta agus lena n-éascófaí ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Baineadh úsáid as na réimsí gníomhaíochta tosaíochta seo chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas comhairliúcháin leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara agus chun an struchtúr a sholáthar don straitéis nua seo.

Tá roinnt príomhfhorbairtí déanta ar an leibhéal Eorpach le blianta beaga anuas atá ábhartha maidir le OFI.

- D’fhógair an Coimisiún Eorpach an **Comhaontú Glas don Eoraip**⁸ i mí na Nollag 2019 agus áirítear ann fócas suntasach ar phoist agus scileanna a sheasfaidh an aimsir don aistriú glas. Aithníonn sé go bhfuil scoileanna, institiúidí oiliúna agus ollscoileanna in áit mhaith chun teagmháil a dhéanamh le daltaí, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne maidir leis na hathruithe is gá chun aistriú rathúil a dhéanamh⁹. Tá forbairt creata inniúlachta inbhuanaitheachta ar cheann de na gníomhaíochtaí beartais a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip; *“GreenComp”*¹⁰, a bheidh ina chatalaíoch chun foghlaim ar inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn san Aontas Eorpach agus cuideoidh sé le heolas, scileanna agus dearcthaí maidir le hathrú aeráide agus forbairt inbhuanaithe a mheas.
- Leagtar béim sa **Teachtaireacht maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais**¹¹ ar a thábhachtaí atá cuimsiú, comhionannas inscne agus infheistíocht san oideachas agus i scileanna don aistriú glas agus digiteach, mar aistriú ríthábhachtach d’athléimneacht agus do rathúnas na hEorpa amach anseo. Leagtar béim ann ar an *“ngá atá le hathrú as cuimse a chumasú ar iompar agus ar scileanna daoine, ag tosú sna córais agus sna hinstitiúidí oideachais mar chatalaíoch”*, lena n-áirítear fócas ar thimpeallachtaí foghlama a athrú ó bhonn le bheith níos inbhuanaithe.

- I mí Eanáir 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh moladh ón **gComhairle maidir le Foghlaim ar mhaithe le hInbhuanaitheacht Chomhshaoil**¹². Tá plé ar siúl faoi láthair leis na Ballstáit agus táthar ag súil go nglacfaidh an Chomhairle an moladh deiridh i mí an Mheithimh 2022.
- D’fhoilsigh **Comhairle na hEorpa** Creat Tagartha Inniúlachtaí do Chultúr Daonlathach¹³ agus treoir dhoiciméid a ghabhann leis, atá ábhartha go díreach agus a thacaíonn lenár gcuid oibre OFI.
- Dearbhú Eorpach maidir leis an Oideachas Domhanda go dtí 2050: Tá Dearbhú Bhaile Átha Cliath** á dhréachtú in 2022, faoi stiúir an Lónra Oideachais Dhomhanda san Eoraip (GENE), a thabharfaidh chun cuimhne agus a chuirfidh le Dearbhú Maastricht 2002 maidir le hOideachas Domhanda agus gealltanais idirnáisiúnta agus Eorpacha don fhorbairt inbhuanaithe dhomhanda, do chearta an duine, don tsíocháin agus don cheartas domhanda, lena n-aithnítear a thábhachtaí atá an t-oideachas domhanda agus rannpháirtíocht an phobail; lena n-áirítear Clár Oibre 2030.
- Is é **Fís Eorpach 2021-2027** príomhchlár cistiúcháin an Aontais don taighde agus don nuálaíocht le buiséad €95.5 billiún. Cuideoidh sé le dul i ngleic leis an athrú aeráide, dlús a chur leis an aistriú glas agus tacóidh sé le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, agus glacfaidh sé cur chuige mórdhúshlán i leith an chlaochlaithe shocháíoch.

- Tá sé mar aidhm ag an **Straitéis Eorpach d’Ollscoileanna**¹⁴ ollscoileanna a chumhachtú mar ghníomhaithe athraithe san aistriú glas agus san aistriú digiteach. Áireofar ar ghníomhaíochtaí díriú ar chur chuige iomlán na hinstitiúide a chur chun cinn agus ar inbhuanaitheacht chomhshaoil a phríomhshruthú.
- Cuireann an **Chomhairle Eorpach** i bhfios go láidir *“gur déantóirí tábhachtacha athraithe agus comhpháirtithe riachtanacha iad daoine óga i gcur chun feidhme an Chomhdhearcaidh Eorpaigh maidir le Forbairt, Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus aithníonn sí a n-acmhainneacht agus a gcumais chruthaitheacha agus nuálacha. Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh san óige, agus oibriú leo, ag an óige agus ar a son, chun sochaithe níos láidre, níos dlisteanáí, níos síochánta agus níos daonlathaí a thógáil, ina n-urramaítear cearta an duine agus an smacht reachta agus nach bhfágтар aon duine ar lár iontu”*.¹⁵
- Déanann **Coiste na NA um Chearta an Linbh** i dtrácht ginearálta ar chearta leanaí agus ar an gcomhshaol le béim ar leith ar athrú aeráide¹⁶, aird a tharraingt ar na drochthionchair iomadúla atá ag díobhálacha don chomhshaol, lena n-áirítear athrú aeráide, ar chonair saoil leanaí. Cuireann siad treoir ar fáil do Pháirtithe Stáit chun tabhairt faoi gach beart cuí reachtaíochta, riaracháin agus eile i gcur chuige cearta leanaí i leith saincheisteanna comhshaoil le béim ar leith ar athrú aeráide.

Geallann ár ranna go rachaidh siad i dteagmháil go comhpháirteach le gníomhaireachtaí ábhartha, amhail EOECA, Comhairle na hEorpa agus an tAontas Eorpach chun tacú le OFI le linn na straitéise seo.

7 <https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000374802>

8 https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en

9 An Comhaontú Glas don Eoraip Com (2019) 640 deiridh. Ar fáil ó: https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:b828d165-1c22-11ea-8c1f-01aa75ed71a1.0002.02/DOC_1&format=PDF

10 <https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC128040>

11 Com (2020) 625 deiridh. Ar fáil ó: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0625&from=EN>

12 https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2022/06/16/council-adopts-recommendation-to-stimulate-learning-for-the-green-transition/?utm_source=dsms-auto&utm_medium=email&utm_campaign=Council+adopts+recommendation+to+stimulate+learning+for+the+green+transition+and+sustainable+development

13 <https://www.coe.int/en/web/reference-framework-of-competences-for-democratic-culture/guidance-for-implementation>

14 <https://education.ec.europa.eu/document/commission-communication-on-a-european-strategy-for-universities>

15 Comhairle an Aontais Eorpaigh – An óige sa ghníomhaíocht sheachtrach – Conclúidí ón gComhairle (5 Meitheamh 2020)pdf (europa.eu).

16 OHCHR | CRC_GC26_concept_note 2021.

Comhthéacs Náisiúnta

Ar an leibhéal náisiúnta, oibreoidh na ranna comhurráithe do chéim chur chun feidhme na straitéise, An Roinn Oideachais, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, chun ailíniú agus comhlántacht láidir a chinntiú idir **OFI go 2030** agus beartais agus straitéisí ábhartha oideachais agus taighde na dtí roinn. Go háirithe, déanfar naisc leis na straitéisí seo a leanas:

- Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digítí do scoileanna (á forbairt).
- Comharba ar na Torthaí Níos Fearr, Creat Beartais Náisiúnta Todhchaí Níos Gile do Leanaí agus do Dhaoine Óga’ (an dara creat á forbairt).
- Straitéis Litearthachta don Saol d'Aosaigh – Straitéis litearthachta d'aoisigh 10 mbliana.
- FET amach anseo: An Straitéis Foghlama a Athrú ó Bhonn.
- Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025.
- Tionchar 2030 – Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann.

Dá bhrí sin, glacann gníomhartha OFI ról roinnt ranna Rialtais eile agus **OFI go 2030** le cur chuige uile-rialtais dá bhrí sin.

Beidh dlúthchaidreamh ar siúl leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha (RGST) maidir leis an Straitéis um Oideachas Saoránachta Domhanda¹⁷ agus chun tacú le Forbairt Dearbhú Eorpach nua ar Oideachas Domhanda go dtí 2050, faoi stiúir GENE.

Tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) i gceannas ar Phlean Forfheidhmithe Náisiúnta na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe¹⁸, a thacóidh le gníomh agus a chomhordóidh gníomh chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ar fud an rialtais. Tá siad i gceannas freisin ar an bPlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide¹⁹ (2021), ar plean rialtais iomlán é chun gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa faoi 2030 agus chun muid a chur ar an mbealach chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Tá ár ranna rannpháirteach go gníomhach sna pleananna seo agus ag tacú leo agus oibreoidh siad chun ailíniú láidir leis an straitéis OFI a chinntiú de réir mar a chuirtear i bhfeidhm é.

Tá an Phríomhfhreagracht ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail as an Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn 2019-2024 “*Pobail Inbhuanaithe, Chuimsitheacha agus Chumhachtaithe*”²⁰, an Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta 2021-2025²¹, agus Straitéis na Leabharlann Poiblí²².

Oibreoidh ár ranna le Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun deiseanna comhoibrithe ar OFI agus ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a uasmhéadú ar fud na straitéisí éagsúla seo.

Tríd an straitéis seo, tacóidh An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le sineirgí le Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann, arna mhaoirsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus béim láidir á leagan aige ar scileanna glasa.

Brionnófar naisc freisin le straitéisí agus beartais roinnt ranna rialtais eile, lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Iompair, i measc nithe eile.

Fíor 5: Forbairt straitéise agus próiseas comhairliúcháin.



1.4 An Straitéis a Mhúnlú

Tháinig deireadh leis an gcéad Straitéis Náisiúnta ar OFI, a bhí faoi stiúir na Roinne Oideachais agus Scileanna, in 2020 i lár phaindéim Covid-19. Bhí dúshlán agus athrú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo sa chóras oideachais le linn na tréimhse seo agus b'éigean dó a bheith nuálach agus lúfar ina chuid freagraí. Ar an gcaoi chéanna, b'éigean don chur chuige maidir le pleanáil do straitéis comharba, **OFI go 2030**, a bheith lúfar.

I mí Lúnasa 2020, nuair a bunaíodh roinn nua Rialtais Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, tugadh deis cur chuige comhpháirteach a ghlacadh maidir le forbairt **OFI go 2030**, ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna roimhe seo. Rinne an dá roinn comhóstáil ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus sheol an tAire Oideachais, Norma Foley, T.D. agus an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris T.D., próiseas comhairliúcháin phoiblí i gcomhpháirt ar *Lá na Cruinne*, an 22 Aibreán, 2021. D'fhan sé seo ar oscailt go dtí an 30 Meitheamh, 2021.

Forbraíodh páipéar comhairliúcháin phoiblí chun bonn eolais a chur faoi aighneachtaí, a raibh a struchtúr ailínithe leis na réimsí gníomhaíochta tosaíochta a aithníodh i dtreochlár EOCNA um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: *EFD do 2030*²³.

Tríd an bpróiseas comhairliúcháin, rinneadh tuilleadh iniúchta ar roinnt réimsí ar díol spéise iad do chomhthéacs na hÉireann, amhail ról an chultúir agus na bhforas cultúrtha maidir le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Rinneadh machnamh freisin ar cheart go mbeadh taighde mar cholún scoite sa straitéis nua. Agus aiseolas á ghlacadh ar bord, cuireadh taighde san áireamh mar phríomhghné faoin réimse tosaíochta 'Beartas a Chur Chun Cinn', agus ábharthacht an taighde a aithint i ngach ceann de na cúig réimse gníomhaíochta tosaíochta.

Tá forbhreathnú ar an bpróiseas comhairliúcháin straitéise ar fáil i bhFígiúr 4.

Is féidir an tsraith iomlán ionstraimí comhairliúcháin agus an tuarascáil ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a aimsiú ag an nasc seo a leanas: <https://www.gov.ie/en/publication/02952d-national-strategy-on-education-for-sustainable-development-in-ireland/>.

Bhí réimse leathan páirtithe leasmhara san áireamh sa phróiseas, le rannpháirtíocht ardchaighdeán tríd síos. Fuarthas 90 aighneacht shubstainteach i scríbhinn agus 150 freagra ar an suirbhé poiblí ar líne agus reáchtáladh sraith fócasghrúpaí, imeachtaí comhairliúcháin, agallaimh agus cruinnithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara seachtracha.

17 <https://www.irishaid.ie/media/irishaid/publications/Global-Citizenship-Education-Strategy.pdf>

18 <https://www.gov.ie/en/publication/7cde9f-the-sustainable-development-goals-national-implementation-plan-2018-/>

19 <https://www.gov.ie/en/publication/6223e-climate-action-plan-2021/>

20 <https://www.gov.ie/en/publication/d8fa3a-sustainable-inclusive-and-empowered-communities-a-five-year-strategy/>

21 <https://www.gov.ie/en/publication/3cba6-national-volunteering-strategy/>

22 <https://www.gov.ie/en/publication/56d1d4-our-public-libraries-2022-inspiring-connecting-and-empowering-commun/>

23 <https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000374802>

Tionóladh an Fóram Náisiúnta Bliantúil ar OFI ar líne i mí Feabhra 2022, mar an chéim dheiridh den phróiseas comhairliúcháin phoiblí, agus ghlac os cionn 80 rannpháirtí páirt i bplé mionsonraithe ar phríomh-shaincheistean. Tiomsaíodh aiseolas ar na dréacht-théamaí, cuspóirí agus raon gníomhartha a aithníodh don straitéis nua agus don phlean forfheidhmithe.

Bhí comhaontú ginearálta ag an bhFóram go raibh an cur chuige beartaithe, ag teacht le Creat EOECA do OFI do 2030, ceart. Leagtar béim thíos ar roinnt príomhphointí aiseolais a d'ardaigh na rannpháirtithe agus tabharfar aghaidh orthu mar chuid den chur i bhfeidhm:

- Cé gur cuireadh fáilte roimh fhairsinge agus uaillmhian na dréachtstraitéise, leagadh béim ar an ngá atá le comhordú éifeachtach a áirithiú agus maorlathas iomarcach a sheachaint.
- Leagadh béim ar an ról tábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta maidir le clár oibre OFI a chur chun cinn, agus tá gá le meicníochtaí chun a chinntiú go n-éistfí go soiléir agus go comhsheasmhach le guthanna leanaí agus daoine óga, eagraíochtaí pobail agus ENRanna.

- An gá atá le cuir chuige iomlánaíocha i leith OFI a leabú ar fud institiúidí oideachais agus tacaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a mhapáil chun a chinntiú gur cuireadh béim ar an bhfáil agus ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as. Beidh tábhacht ag baint le líonraí a thógáil a thacaíonn le comhoibriú agus comhthuisctint ar OFI agus ar a spriocanna.

Cé go raibh dhá roinn i gceannas ar fhorbairt na straitéise agus an phlean gníomhaíochta nua seo bhí raon leathan páirtithe leasmhara mar bhonn eolais acu a chabhraigh lena forbairt a mhúnlú. Cuirfear i bhfeidhm anois é le tacaíocht ó ranna rialtais eile, go háirithe An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a bheidh ina chomhurratitheoir ar chéim chur chun feidhme na straitéise.



2 Dul chun cinn go dtí seo

Foilsíodh an chéad Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI), Oideachas don Inbhuanaitheacht, i mí Iúil 2014 agus é mar aidhm aige:

a chinntiú go gcuireann an t-oideachas leis an bhforbairt inbhuanaithe tríd an eolas ábhartha (an 'cad'), na príomhscolaíochtaí agus na príomhscileanna (an 'conas') agus na luachanna (an 'fáth') a spreagfaidh agus a chumhachtóidh iad ar feadh a saoil a thabhairt d'fhoghlaimoirí chun bheith ina saoránaigh ghníomhacha eolasacha a dhéanann beart ar mhaithe le todhchaí níos inbhuanaithe.

Leagadh amach ar dtús i straitéis 2014 ceithre mholadh is daichead le haghaidh gnímh ag an ROS, ranna, gníomhaireachtaí agus comhpháirtithe eile de réir mar is ábhartha. Rinneadh na gníomhartha sin a ghrúpáil faoi ocht bpríomhréimse tosaíochta:

- Ceannaireacht agus comhordú.
- Bailiú sonraí agus tomhas bonnlíne.
- Curaclam sa réamhscoil, sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil.
- Forbairt ghairmiúil.
- Breisoideachas agus Oiliúint.
- Ardoideachas agus Taighde.
- Rannpháirtíocht daoine óga a chur chun cinn.
- Inbhuanaitheacht i mbun gnímh.

D'fhéach cur chuige na hÉireann lena chinntiú go bhféachann gach duine ar OFI mar 'dhea-chleachtas' agus mar thiomantas leabaithe chun ár saol agus ár ndomhan a athrú ó bhonn, seachas mar éileamh nó ionchas breise orthu siúd atá 'ag seachadadh' nó ag fáil oideachais. Féadfar OFI a bhriseadh síos ina chatagóirí, ina ghníomhartha agus ina mhicreaspriocanna, ach i ndeireadh na dála is éard atá i gceist leis ná a chinntiú go gcothaimid pláinéad ar féidir maireachtáil ann, agus pláinéad ar fiú maireachtáil ann.

Bhí na réimsí tosaíochta sin mar bhonn le plean gníomhaíochta don chur chun feidhme, agus leathnaíodh iad tuilleadh i bhfothéamaí agus i ngníomhaíochtaí sonracha, agus sannadh an phríomhfhreagracht do chomhlachtaí ábhartha de réir mar is cuí. Mar straitéis stiúrtha, sheachain an plean spriocanna eimpíreacha a leagan síos, agus é mar aidhm aige tionchar iomlánaíoch a bhaint amach ar fud na hearnála. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar an dul chun cinn, agus rinneadh athbhreithniú meántearma in 2017-2018. Cuireadh moltaí ó athbhreithniú 2018 san áireamh i bplean gníomhaíochta athbhreithnithe, agus aithníodh trí ghníomh is seasca eile chun dul chun cinn a dhéanamh sa tréimhse ó R4 2018 go R4 2020.

Léiríonn an hathbheithniú meántearma 2018, an dul chun cinn suntasach a rinneadh ó thaobh OFI thar an tréimhse. I measc na bpríomhéachtaí a aithníodh bhí:

- Tá OFI comhtháite sa churaclam ar gach leibhéal agus d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) iniúchadh ar naisc OFI sa churaclam.
- Tá OFI tógtha i measúnú foirmiúil iar-bhunscoile, nuair is féidir.
- Rinneadh OFI a chomhtháthú i ndeiseanna oideachais tosaigh múinteoirí agus i ndeiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí araon.
- Tá OFI á chomhtháthú sna próisis chigireachta agus dearbhaithe cáilíochta scoile.
- Rinneadh OFI a chomhtháthú i gCreat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais 2018-2020.
- Tugadh tús áite do OFI mar phríomhréimse do ghlaonna taighde.
- Tá méadú bainte amach ar chlár a bhaineann le OFI ag leibhéal Breisoideachais agus Oiliúna agus san Ardoideachas.
- Forbraíodh acmhainní suntasacha OFI chun tacú le seachadadh, trí thairseach thiomnaithe ag: <https://www.scoilnet.ie/go-to-post-primary/science/organisations/OFI/>.
- Baineadh amach ailíniú feabhsaithe na straitéise leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, tar éis an athbheithnithe eatramhaigh.

Ní dhearnadh dul chun cinn ar roinnt gníomhartha laistigh den bhunstraitéis chomh maith agus a rabhthas ag súil leis, agus bhí roinnt dúshlán breise ag baint le Covid-19 sa tréimhse dheiridh. Ní dheachaigh bunú beartaithe foghrúpaí de Ghrúpa Comhairleach OFI ar roinnt cúiseanna. Athdheimhneofar faoin straitéis seo an gá atá le seisiúin chomhairliúcháin a athdhéanamh le leanaí agus le daoine óga ar OFI, OFI a chur san áireamh mar bhuan-mhír do ghrúpaí stiúrtha curaclaim agus pobail chleachtais OFI a bhunú agus tacú leo a thuilleadh tríd an tairseach OFI ar Scoilnet.

Glactar leis go gcaithfear níos mó dul chun cinn a dhéanamh freisin maidir lenár dtimpeallachtaí oideachais agus oiliúna a athrú go timpeallachtaí foghlama inbhuanaithe.

3 Réimsí Gníomhaíochta Tosaíochta OFI go 2030

Is é sprioc fhoriomlán OFI go 2030 domhan níos córa agus níos inbhuanaithe a thógáil trí OFI a neartú agus rannchuidiú leis na 17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe Sprioc 4.7.

Tá an straitéis bunaithe ar chúig réimse gníomhaíochta tosaíochta, i gcomhréir le Creat EOECA do 2030. Trí ghníomhartha a chur i bhfeidhm ar fud na gcúig réimse seo, faoi 2030 feicimid na torthaí seo a leanas:

- 1. Beartas a chur chun cinn:** Tá OFI leabaithe san oideachas agus i mbeartais agus creataí ábhartha eile mar chuid de chur chuige foghlama ar feadh an tsaoil.
- 2. Timpeallachtaí foghlama a athrú ó bhonn:** Bíonn deiseanna ag foghlaiméoirí an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta is gá a fháil chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun taithí a fháil ar fhorbairt inbhuanaithe i mbun gnímh trí chur chuige institiúide uile i leith OFI.
- 3. Cumas Oideoirí a Fhorbairt:** Tá na deiseanna ag oideoirí cumais a fhorbairt chun claochlú sochaíoch a chothú do thodhchaí inbhuanaithe, agus OFI comhtháite i dtairiscintí soláthraithe oideachais agus oiliúna.
- 4. Daoine óga a chumhachtú agus a shlógadh:** Tacaítear le daoine óga le bheith ina ngníomhairí athraithe don fhorbairt inbhuanaithe.
- 5. Dlús a chur le gníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil:** Tá comhoibriú feabhsaithe ann idir soláthraithe oideachais, údarais áitiúla, pobail áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus fiontraíocht in OFI mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil, i dtreo inbhuanaitheacht a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil.

3.1 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 1: Beartas a Chur Chun Cinn

Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach faoin gcéad straitéis maidir leis an timpeallacht bheartais do OFI a chur chun cinn, leanann an comhthéacs seo ag oiriúnú agus ag athrú agus mar sin tá sé ríthábhachtach go leanfaidh an straitéis fócas ar thimpeallacht chumasúcháin a chruthú chun OFI a mhéadú go rathúil i bhfoirm fhoirmiúil, suíomhanna in-fhoirmiúla.

Cé go mbeidh ár ranna mar phríomhthiománaithe na straitéise, tá sé mar aidhm againn go mbeidh tionchar ag an straitéis agus ag a plean forfheidhmithe gaolmhar laistigh agus lasmuigh de phobal oideachais na hÉireann. Tríd an straitéis a ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, tacaítear linn gealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus comhleanúnachas beartais a fheabhsú ar fud an rialtais.

Aithnítear ról ríthábhachtach d'fhorbairt beartais faoi stiúir taighde le linn thréimhse na straitéise nua OFI seo. Tá sé seo ag teacht le moltaí EOECA gur cheart go mbeadh taighde ag leibhéal na tíre mar bhonn agus mar aidhm le scrúdú a dhéanamh ar thionchar dul chun cinn beartais le deich mbliana anuas. Moltar go sonrach do thíortha an méid seo a leanas a dhéanamh:

Taighde téamach a dhéanamh a bhaineann le OFI agus leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, bunaithe ar na príomh-shaincheisteanna, treochtaí agus ceisteanna a ardaíodh i ndáil leis na cúig réimse gníomhaíochta tosaíochta. Ba cheart ról lárnach a bheith ag institiúidí ardoideachais agus taighde sa chineál seo gníomhaíochta taighde, ar féidir í a áireamh mar chuid de thionscnaimh tíre maidir le OFI do 2030.

Cad is brí le Gníomh a Dhéanamh

Ag bunchloch na réimsí gníomhaíochta atá beartaithe faoi Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 1, tá **comhoibriú**. Comhordú idirnáisiúnta, idir-rannach agus il-gheallsealbhóirí a neartú, chun comhroinnt faisnéise, cuntasacht agus rannpháirtíocht ar OFI a éascú. Beidh comhoibriú riachtanach chun cleachtas OFI a leabú agus a normalú suas go dtí 2030. Aithnítear sa straitéis an tsochaí shibhialta mar phríomh-rannchuiditheoirí le OFI agus áireofar ionadaíocht chuí i struchtúir a bunaíodh chun monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh na straitéise.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis tacú le comhleanúnachas agus le **hailíniú beartais** ar fud an rialtais agus i measc gníomhaireachtaí rialtais, i réimsí atá nasctha le OFE. Ní dhéanann aon duine beag is fiú de na dúshlán a bhaineann le cur chuige comhtháite a chruthú thar raon ranna agus gníomhaireachtaí, agus chuige sin feicimid gur gníomh thar a bheith tábhachtach ann féin í an **chumarsáid**, rud a ardóidh feasacht agus tuiscint ar OFI agus a lárnacht don fhoghlaím ar feadh an tsaoil i measc príomhpháirtithe leasmhara.

Tá sé ríthábhachtach a bheith ar an eolas faoin áit as a bhfuilimid ag tosú chun treoracha suas go dtí 2030 a aithint. Chuige sin, tá **mapáil agus monatóireacht tábhachtach**. Díreoidh sé seo ar chreataí agus uirlisí atá ann cheana agus ar chinn nua a fhorbairt chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le OFI agus cuntasacht a fheabhsú. Sainaitheofar príomhtháscairí feidhmíochta don straitéis freisin.

Beidh na gníomhaíochtaí a luadh cheana ríthábhachtach chun timpeallacht chumasúcháin a fhorbairt le haghaidh taighde a bhaineann le OFI agus leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Ba cheart go laghdódh taighde ar fud na gcúig réimse tosaíochta agus go n-áireofaí ann réimsí amhail: OFI a leabú i dtimpeallachtaí curaclaim agus foghlama; agus torthaí na gcleachtas OFI a aithint agus a mheasúnú thar chomhthéacsanna oideachais foirmiúla agus seachfoirmiúla chun idirghabhálacha OFI a aithint a fhorbraíonn gníomhaireacht go rathúil, agus a chruthaíonn athrú sóisialta agus iompraíochta do ghníomhaíocht chlaochlaitheach laistigh de chomhthéacs na hÉireann.

Tagann an fócas taighde seo go han-mhaith arís le dearcadh EOECA gur cheart go bhféachfadh straitéisí náisiúnta le *torthaí taighde a scaipeadh agus a athbhreithniú chun deiseanna foghlama a chruthú chun ceisteanna criticiúla a ardú, go háirithe ar idirnáisc agus teannas idir na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe éagsúla*.

Cuideoidh an bhéim seo ar thaighde freisin le **maoiniú agus dreasachtaí** a ailíniú le príomhaidhmeanna agus príomhriachtanais OFI. Ar ndóigh, de réir mar a chuireann taighde le dea-chleachtas OFI a aithint agus a scaipeadh, tacóidh sé freisin leis na **caighdeáin dámhachtana** leanúnacha a bhaineann le soláthar OFI.

Tosaíocht 1: Beartas a Chur Chun Cinn

1.1 Comhoibriú: Comhordú idirnáisiúnta, idir-rannach agus il-gheallsealbhóirí a neartú, chun comhroinnt faisnéise, cuntasacht agus rannpháirtíocht ar OFI a éascú.

1.2 Ailíniú beartais: Tacú le hailíniú agus comhleanúnachas beartais ar fud an rialtais agus i measc gníomhaireachtaí rialtais, i réimsí atá nasctha le OFI.

1.3 Cumarsáid: Feasacht agus tuiscint ar OFI agus a lárnacht don fhoghlaím ar feadh an tsaoil a ardú i measc príomhpháirtithe leasmhara.

1.4 Mapáil agus monatóireacht: Creataí agus uirlisí atá ann cheana agus cinn nua a fhorbairt chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le OFI agus cuntasacht a fheabhsú.

1.5 Taighde: Timpeallacht chumasúcháin a chruthú le haghaidh taighde chun bonn eolais a chur faoi bheartas éifeachtach agus dea-chleachtas do OFI.

1.6 Cistiú agus dreasachtaí: Féachaint an bhféadfaí córais chistiúcháin agus dreasachta oideachais a ailíniú le hinbhuanaitheacht shubstainteach agus struchtúrach agus LEE.

1.7 Caighdeáin Dámhachtana: Cur san áireamh OFI i gcaighdeáin dámhachtana a chur chun cinn.

3.2 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 2: Timpeallachtaí Foghlama a Athrú ó Bhonn

Is cur chuige iomlán institiúide i leith OFI é **timpeallachtaí foghlama a athrú** ó bhonn, ag cruthú timpeallachtaí foghlama 'ina bhfoghlaímíonn foghlaimeoirí faoin gcaoí a gcaitheann siad a saol agus ina gcaitheann siad a saol de réir an méid a fhoghlaímíonn siad'.

Ní mór dúinn a admháil go bhfuil go leor bainte amach cheana féin maidir le Timpeallachtaí foghlama a bhaineann le OFI trí iarrachtaí oideachasóirí agus mac léinn, athchóiriú curaclaim agus oideolaíocht, nuálaíocht, fócas ar fhoghlaím fhéinstiúrtha agus ar ghuth an fhoghlaimeora a chumasú. Chabhraigh tionscnaimh scoile agus campais, i measc tionscnaimh aeráide eile atá faoi stiúir na sochaí sibhialta agus na hóige, le feasacht agus gníomhaíocht a mhéadú maidir leis an ngá atá le hinbhuanaitheacht a bheith i gcroílár ár dtimpeallachtaí scoile agus campais. Bainfidh leas as saineolas na sochaí sibhialta chun a chinntiú go bhfuil a saineolas agus a dtaithe laistigh den fhearann OFI ionchorpraithe i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm OFI in Éirinn.

Ní mór dúinn tógáil ar na bunchlocha sin chun tacú le tuilleadh dul chun cinn agus nuálaíochta in oibriú ár dtimpeallachtaí oideachais, go háirithe i bhfianaise na spriocanna uailmhianacha maidir le laghduithe ar astaíochtaí carbóin atá leagtha amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021. Cuireann sé seo plean mionsonraithe ar fáil chun gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa faoi 2030 agus chun muid a chur ar an mbealach chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar atá leagtha amach san Acht Aeráide 2021. Chun na spriocanna seo a bhaint amach, inter alia, beidh gá le clár iarfheistithe domhainfhuinnimh d'earnáil na scoile, agus do na hearnálacha ardoideachais agus breisoideachais. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná infheistíocht shuntasach in uasghrádú timpeallachtaí foghlama. Ní hamháin go laghdóidh iarfheistiú domhainfhuinnimh astuithe foirgneamh ach feabhsóidh siad compord agus cáilíocht aeir na dtimpeallachtaí foghlama freisin.

Cad is brí le Gníomh a Dhéanamh

Is mór an spreagadh í an cheannaireacht chun timpeallachtaí foghlama a athrú ó bhonn, mar atá feicthe againn in Éirinn cheana féin. Tá sé mar aidhm againn **ceannaireacht a fhorbairt agus tacú le OFI** ag gach leibhéal, in institiúidí aonair, ar fud an chórais agus ar fud na sochaí i gcoitinne. Tá sé mar aidhm againn an chothromaíocht cheart a fháil idir ceannaireacht aonair agus chomhcheannaireacht, mar ní mór dúinn riamh radharc a chailleadh ar an bhfíric go bhfuil OFI ann do gach duine agus go gcaithfidh gach duine é a thiomáint.

Leanfaidh an straitéis ag tacú le torthaí foghlama a aithint agus a bhaint amach a chothaíonn **inniúlachtaí agus scileanna trasnaí OFI**, i gcomhréir le treoir idirnáisiúnta. Tá sé mar aidhm againn leanúint de thacaíocht a thabhairt d'**oideolaíochtaí OFI** atá bunaithe ar thaighde a úsáid i measc oideachasóirí. Leanfaidh an straitéis ag tacú le torthaí foghlama a aithint agus a bhaint amach a chothaíonn **inniúlachtaí agus scileanna trasnaí OFI**, i gcomhréir le treoir idirnáisiúnta. Tá sé mar aidhm againn leanúint de thacaíocht a thabhairt d'**oideolaíochtaí OFI** atá bunaithe ar thaighde a úsáid i measc oideachasóirí. Trí ábhar nua Ardteistiméireachta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe a thabhairt isteach i meánscoileanna áirithe ag tosú in 2024, tabharfar deis bhreise d'fhoghlaimeoirí iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar na réimsí sonracha seo.

Chuige sin, beidh gá le **hacmhainní ardcháilíochta a bheith ar fáil agus rochtain a fháil orthu le haghaidh OFI**, lena n-áirítear acmhainní lena spreagfar cineálacha **cur chuige na hinstitiúide iomláine**. Is é an sprioc straitéiseach do 2030 ná gur **fíoráiteanna agus spásanna oideachais iad suíomhanna** Foghlaim agus Chúram na Luath-Ghaeilge, Scoileanna agus Campais ar mhaithe le **hinbhuanaitheacht**.

Maidir le 'praiticiúlachtaí' OFI, leanfaimid orainn, mar shampla, de thacaíocht a thabhairt don **bhithéagsúlacht** ar fud an chórais, agus le feabhas leanúnach a chur ar réimsí amhail **inbhuanaitheacht an iompair, ídiú fuinnimh, foirgnimh oideachais (dearadh agus tógáil)**. Is réimse eile é bainistiú dramhaíola ina gcaithfidh iarracht leanúnach a choinneáil chun feabhas a chur air.

Tosaíocht 2:
Tímeallachtaí Foghlama a Athrú ó Bhonn

- 2.1 Ceannaireacht:** Ceannaireacht a fhorbairt agus tacú leis do OFI.
- 2.2 Inniúlachtaí OFI / Scileanna Trasnaí:** Tá inniúlachtaí OFI lárnach do thorthaí foghlama.
- 2.3 Oideolaíochtaí OFI:** Úsáid oideolaíochtaí OFI i measc oideachasóirí a chur chun cinn agus tacú leo.
- 2.4 OFI a leabú:** OFI a leabú tuilleadh i gcuraclaim agus i gcláir ag gach leibhéal lena chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí eolas, scileanna, luachanna agus meonta chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, a chur chun cinn agus gníomhú ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe.
- 2.5 Acmhainní Oideachais:** Rochtain ar acmhainní ardchaighdeán a chumasú do OFI.
- 2.6 Cur chuige na hinstiúide iomláine:** Suíomhanna Foghlama agus Cúraim na Luath-Ghaeilge, Scoileanna agus Tímeallachtaí Campais a athrú go háiteanna agus spásanna oideachais ar mhaithe le hinbhuanaitheacht.

3.3 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 3:
Cumas Oideoirí a Fhorbairt

Bhí sé riamh ina phríomhfhócas d’oideachas na hÉireann agus tá fós **cumais oideachasóirí a fhorbairt**. I réimsí amhail athbhreithniú agus athchóiriú curaclaim agus obair an Fhórais Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas, tá uas-sciliú na n-oidoírí agus an cleachtas machnamhach tugtha chun tosaigh.

De réir mar a théann an tsochaí i ngleic le dúshlán nua-aimseartha, ón bpobalachas go dtí an séanadh ar an athrú aeráide agus clár oibre atá bunaithe ar chearta a chur faoi chois ar fud an domhain, geallann an straitéis go gcuirfidh sí roghanna inbhuanaithe maireachtála agus saoil chun cinn agus go gcuirfidh sí oideachas orthu i measc oideachasóirí agus foghlaimeoirí. Breathnaímid ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe mar phríomh-threoirphlean don

ghníomh seo, trí Sprioc 4 agus na seacht sprioc déag ar fad, a thacaíonn le haistriú comhshaoil, sochaíoch, eacnamaíoch agus cóir.

I gcomhthéacs na hÉireann, creidimid freisin gur féidir rólanna uathúla a bheith ag réimse an chultúir, lena n-áirítear na healaíona agus an chruthaitheacht, maidir le taca a chur faoi chur chuige oideolaíoch claochlaitheach. Cuireann an t-ábhar nua Ardteistiméireachta ar Staidéar Drámaíochta, Scannán agus Amharclainne, atá beartaithe ó 2024, deiseanna féideartha trasphailnithe ar fáil maidir le OFI. Cé gur gné láidir Éireannach é seo á chur i leith, tugaimid dár n-aire é mar threoir a chothaigh EOECA in *OFI do 2030*:

Laistigh de EOECA, déanfaidh an Earnáil Oideachais a comhpháirtíocht idir-earnála le hEarnálacha eile, go háirithe Cultúr agus Eolaíocht, a neartú tuilleadh, ag comhtháthú cur i bhfeidhm OFI do 2030, nuair is féidir, ina gcláir ábhartha. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, láithredáin Oidhreacht Domhanda, oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe, líonra anAclanna Bithsféir, Geopháirceanna, Stáit Bheaga Oileánacha i mBéal Forbartha, agus eolas áitiúil agus dúchasach.

Cad is brí le Gníomh a Dhéanamh

Éilíonn fothú acmhainní béim chórasach chuimsitheach laistigh d’oideachas, forbairt ghairmiúil agus creidiúnú oideachasóirí, chomh maith le hoiliúint a chur ar cheannaireacht agus ar bhainistíocht ár soláthraithe oideachais ag gach leibhéal. Glacfaidh ár ranna le cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil agus leanfaidh siad ar aghaidh ag cur le cumas oideachasóirí ag oideachas réamh-bhunscoile, bunscoile, iar-bhunscoile agus treasach, chomh maith le tacú le fothú acmhainní oideachasóirí, oibrithe don óige agus oibrithe deonacha a bhfuil baint acu le hobair don óige.

Ar aon dul le haiseolas ónár gcomhairliúcháin, féachfaidh an gníomh seo freisin le **deiseanna piarfhoghlama** a sholáthar agus dea-chleachtas a roinnt in OFI, trí raon ‘spásanna’ chomh leathan agus chomh hábhartha agus is féidir. Aithnímid freisin an fiúntas a bhaineann le tionscnaimh a fhorbairt agus a leathnú chun **sármhaitheas agus tiomantas** do OFI a aithint agus a chúiteamh.

Tosaíocht 3: Forbairt acmhainní na n-oidoírí

- 3.1 Fothú acmhainní:** Forbairt acmhainne OFI córasach agus cuimsitheach in oiliúint agus measúnú réamhsheirbhíse agus inseirbhíse ar oideachasóirí ag gach leibhéal den chóras.
- 3.2 Piarfhoghlaim:** Deiseanna a chur ar fáil do phiarfhoghlaim agus do chomhroinnt dea-chleachtais in OFI.
- 3.3 Luaíochtaí:** Tionscnaimh a fhorbairt chun barr feabhais agus tiomantas do OFI a aithint agus a chúiteamh.

3.4 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 4:
Cumhachtú agus Slógadh Daoine Óga

Bhí daoine óga chun tosaigh maidir le hathrú a éileamh ónár gceannairí, go háirithe maidir leis an athrú aeráide, mar is iad siúd a fhulaingeoidh iarmhairtí na neamhghníomhaíochta amach anseo. Is sampla suntasach de seo é stailceanna scoile #FridaysforFuture, rud a spreag go leor daoine óga chun a nguthanna a ardú agus beart a dhéanamh.

Tá róil thábhachtacha ag ár ranna go léir maidir le **daoine óga a chumhachtú agus a shlógadh**, ag obair i gcomhar le comhpháirtithe ar fud an rialtais, na hearnála oideachais agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha. Is féidir le hoideachas agus oiliúint, bídís i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla, a bheith ina chatalaíoch agus ina spreagadh do dhaoine óga chun uas-sciliú a dhéanamh agus gníomhú ar mhaithe le todhchaí níos inbhuanaithe. Aithnímid iad siúd a oibríonn agus a thacaíonn le daoine óga chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo i suíomhanna oideachais foirmiúla agus seachfhoirmiúla – luathbhlianta agus oideachasóirí eile, múinteoirí, chomh maith le pobal cleachtais na hoibre don óige. Áirítear leis sin oibrithe don óige agus ceannairí óige, bainisteoirí oibre don óige, eagraíochtaí oibre don óige cleamnaithe agus neamhspleách, oibrithe deonacha, oiliúnóirí, taighdeoirí, oideachasóirí oibrithe don óige, boird bhainistíochta, pobail áitiúla agus rialtas áitiúil, Gníomhaireachtaí Náisiúnta don Óige Erasmus+, daoine óga iad féin, comhpháirtithe oibre don óige, agus lucht déanta beartas ar gach leibhéal rialachais.


Geallaimid freisin go mbeadh daoine óga rannpháirteach go fóinteach i gcinntí beartais agus i bhforbairtí ar fud speictream OFI, ag glacadh leis an uasmhéid chun tacú le rannpháirtíocht na n-óg, ‘Nothing About Us Without Us’, agus glacaimid leis. Tá sé léirithe ag daoine óga na hÉireann, laistigh agus lasmuigh de na hearnálacha oideachais foirmiúla agus seachfhoirmiúla, gur thacaigh siad go mór le OFI, agus tacóidh an straitéis seo freisin le deiseanna do ghníomhartha faoi stiúir na hóige agus don phiarfhoghlaim. Is mian linn go gcuirfimid fáilte roimh dhaoine óga chun iad féin a chur in iúl agus éisteacht leo, mar a mholann EOECA:

Is í óige an lae inniu agus glúine ata le teacht a fhágfar chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na forbartha neamh-inbhuanaithe. Is é an t-am i láthair agus an todhchaí atá i gceist. Mar chúiteamh air sin, is daoine óga atá ag éirí níos glóraí agus níos gníomhaí, a éilíonn athrú práinneach agus cinntitheach agus a choinníonn ceannairí domhanda cuntasach, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide. Tá na réitigh is cruthaithí agus is seiftiúla ar dhúshlán inbhuanaitheachta acu, agus leanann siad orthu ag samhlú. Ina theannta sin, is grúpa tábhachtach tomhaltóirí iad daoine óga agus beidh tionchar mór ag an gcaoi a bhforbraíonn a bpatrúin tomhaltais ar chonair inbhuanaitheachta a dtíortha. Dá bhrí sin, is cuid lárnach de chur chun feidhme OFE é daoine óga de gach inscne a chumhachtú agus a shlógadh.

Cad is brí le Gníomh a Dhéanamh

Aithnítear sa straitéis agus sa phlean gníomhaíochta **daoine óga** mar phríomh-rannchuiditheoirí lenár dtodhchaí inbhuanaithe. Geallaimid a chinntiú go bhfuil ár ndaoine óga san áireamh i ndearadh, i seachadadh agus i monatóireacht a dhéanamh ar bheartais agus ar chlár ar OFI. Tacóimid le deiseanna agus uirlisí ábhartha **oiliúna agus forbartha** do dhaoine óga chun cur lena n-eolas, lena scileanna, lena luachanna agus lena meonta chun iad féin a chur in iúl.

Déanfaimid ár ndícheall freisin deiseanna a chruthú do dhaoine óga a nguthanna a mhealladh, a uas-sciliú agus a úsáid don fhorbairt inbhuanaithe, trí thionscnaimh, grúpaí, eagraíochtaí agus **líonraí atá dírithe ar an óige** agus atá faoi stiúir na hóige Spreagfar agus tacófar le foghlaim idir piaraí. Áireofar leis sin méadú ar fheasacht agus ar ghlacadh deiseanna **saorálaíochta** i measc daoine óga.



Tosaíocht 4: Daoine Óga a Chumhachtú agus a Shlógadh

- 4.1 Ról na ndaoine óga:** Daoine óga a aithint mar phríomh-rannchuiditheoirí lenár dtodhchaí inbhuanaithe agus a chinntiú go bhfuil siad san áireamh i ndearadh, i seachadadh agus i monatóireacht beartas agus clár ar OFI.
- 4.2 Oiliúint agus forbairt:** Tacú le deiseanna agus uirlisí ábhartha oiliúna agus forbartha chun daoine óga a chumasú chun páirt a ghlacadh ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda trína n-eolas, a scileanna, a muinín, a luachanna agus a meonta a fheabhsú chun iad féin a chur in iúl.
- 4.3 Tionscnaimh faoi stiúir na hóige:** Deiseanna beartais agus rannpháirtíochta a chruthú do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh, uas-sciliú agus a nguth a úsáid le haghaidh forbairt inbhuanaithe ar líne agus as líne, trí ghrúpaí, eagraíochtaí agus líonraí atá á dtreorú ag an Óige agus atá dírithe ar an Óige ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Foghlaim idir piaraí a spreagadh agus tacú leis, mar chuid den chur chuige seo.
- 4.4 Obair Dheonach:** Feasacht agus glacadh deiseanna saorálaíochta a bhaineann le OFI agus Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a mhéadú i measc daoine óga, a bhíonn ar siúl ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach.

3.5 Réimse Gníomhaíochta Tosaíochta 5: Dlús a chur le gníomhartha ar leibhéal áitiúil

Tá sé rithabhachtach go mbeidh tionchar suntasach ag cur i bhfeidhm na straitéise nua seo **ar dhlús a chur le gníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil**. Tá pobail aonair ar fud na hÉireann ina mórabhcóidí do chlár oibre OFI. Go minic, bhí an abhcóideacht seo orgánach, ag tógáil ó riachtanaí áitiúla aitheanta agus ó shaincheisteanna comhshaoil, dúshláin a bhaineann le cuimsiú sóisialta go tacaíocht agus cothromas dóibh siúd a tháinig go dtí ár gcladaí nua.

Le comhar agus comhordú feabhsaithe idir soláthraithe oideachais agus pobail áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, údaráis áitiúla agus fiontraíocht trínár straitéis nua, creidimid gur féidir an dinimiceas agus an paisean seo a chothú go leibhéil nua. Is féidir leis an oideachas agus ní mór dó a bheith ina phríomhspreagadh don fhorbairt inbhuanaithe, trí chur chuige foghlama ar feadh an tsaoil.

Leagann EOECA béim ar an ngá atá le 'comhar gníomhach' idir institiúidí foghlama agus an pobal. Tá go leor samplaí de naisc den sórt sin i bhfeidhm cheana féin idir suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, scoileanna, institiúidí ardoideachais agus páirtithe leasmhara ag na leibhéil áitiúla agus réigiúnacha. Is féidir le hoideoirí agus gníomhaithe pobail a bheith bródúil as na naisc seo agus tá sé mar aidhm againn iad a athbheochan tuilleadh tar éis COVID-19 Le lionsa OFI, déanfaidh an straitéis comhoibrithe spriocdhírthe den sórt sin is féidir a chur chun cinn a iniúchadh agus a chur chun cinn, le fíorthiomantas do chomhpháirtíocht agus do thosaíochtaí forbartha inbhuanaithe áitiúla a chur chun cinn.

Cad is brí le Gníomh a Dhéanamh

Tacóidh an straitéis agus an plean gníomhaíochta seo le **comhoibriú pobail** nuair is féidir. Moltar i gcur chuige na straitéise comhoibriú le húdaráis áitiúla agus le struchtúir phobail chun oideachas a chur ar an ngá atá le gníomh agus rannpháirtíocht ar fhorbairt inbhuanaithe, feasacht agus tuiscint a ardú.

Tá ról lárnach ag an tsochaí sibhialta in Éirinn i rannpháirtíochtaí OFI, ag leibhéal áitiúla agus náisiúnta. Leis an straitéis seo, beifear in ann teagmháil a dhéanamh idir institiúidí oideachais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cothófar í. Tacaíonn sé sin le cur chuige il-gheallsealbhóirí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Tá sé rithabhachtach do na gníomhartha seo **naisc a chothú agus a leathnú idir soláthraithe oideachais agus a bpobail áitiúla**, agus tá sé mar aidhm againn idirphlé agus comhpháirtíochtaí méadaithe a bhaint amach i rith na ndeich mbliana go dtí 2030. Tá sé mar aidhm ar leith ag an straitéis tacú le **húdaráis áitiúla**, i gcomhar le fiontraíocht agus le gach páirtí leasmhar lena mbaineann sa phobal, rud a fhágann go bhfuil institiúidí oideachais ina ngnéithe lárnacha den phleanáil gníomhaíochta áitiúil. Feicimid go bhfuil an nasc seo le pobail rithabhachtach chun deiseanna a chur ar fáil do gach saoránach a bheith ina ngníomhairí athraithe OFI.

Tosaíocht 5: Dlús a chur le gníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil

- 5.1 Nascadh agus comhoibriú pobail:** Naisc agus comhoibriú a chothú, tacú leo agus iad a leathnú idir soláthraithe oideachais agus a bpobail áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis áitiúla chun oideachas a chur ar an ngá atá le gníomhaíocht agus rannpháirtíocht ar fhorbairt inbhuanaithe, feasacht agus tuiscint a ardú.
- 5.2 Rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil:** Ba cheart d'údaráis áitiúla, i gcomhar le fiontraíocht agus leis na geallsealbhóirí uile lena mbaineann sa phobal, plean gníomhaíochta a mheas agus a fhorbairt maidir le conas is féidir leis an bpobal ar fad a bheith ina shaotharlann foghlama don fhorbairt inbhuanaithe agus ina ghné thábhachtach de OFI do thionscnaimh tíre 2030, ag soláthar deiseanna do gach saoránach a bheith ina ngníomhairí athraithe.

4 Conas a rachaimid ann?

4.1 Cur i bhfeidhm agus monatóireacht

Beidh gá le cur chuige comhpháirtíochta chun an straitéis seo agus an plean gníomhaíochta a ghabhann léi a chur i bhfeidhm. Tá ról le himirt ag na comhpháirtithe agus na páirtithe leasmhara go léir maidir leis an bhfís chomhroinnte atá againn do TSE a bhaint amach faoi 2030. Cé go mbeidh ról ceannais ag an Rialtas i seachadadh go leor de na gníomhartha, déanfar é i gcomhar le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála.

Tá an-chuid saineolais ar OFI sa tsochaí shibhialta agus in earnálacha eile. Tá eagraíochtaí na sochaí sibhialta seachadadh OFI i suíomhanna oideachais neamhfhoirmiúla, seachfhoirmiúla agus foirmiúla le blianta fada. Aithnítear sa straitéis seo go rannchuidíonn an tsochaí shibhialta go mór le OFI agus áiríteofar léi go n-áireofar an tsochaí shibhialta i ndearadh, i seachadadh agus i bhfaireachán beartas agus clár maidir le OFI.

Tabharfar faoi athbhreithniú ar bhallraíocht agus ar struchtúr Ghrúpa Comhairleach OFI, lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. Príomhról a bheidh ag an ngrúpa seo ná comhairle a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na straitéise agus príomhtháscairí feidhmíochta agus uirlisí tomhais cuí a aithint chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus rath a thomhas. Samhlaítear go n-úsáidfear meascán de thaighde, mapáil agus bunú sonraí bonnlíne.

Ina theannta sin, bunófar roinnt foghrúpaí ilpháirtithe leasmhara chun gníomhaíocht a chur chun cinn ar théamaí / ghnéithe ar leith de réir mar is cuí, chun tacú leis an ngrúpa comhairleach agus chun cur leis agus chun comhroinnt faisnéise agus malartú dea-chleachtais a éascú.

Cuirfear nuashonruithe ar chur i bhfeidhm na straitéise seo ar fáil gach 18 mí. Tá sé beartaithe go ndéanfar athbhreithniú meántearma ar a thionchar le linn 2026, d'fhonn aon ghníomhaíochtaí a bhféadfadh iarracht athnuaite a bheith ag teastáil uathu ag an gcéim sin agus go dtí deireadh 2030 a chothú agus a athbheochan.



5 Aguisíní

5.1 Acrainmneacha

Forbairt ghairmiúil leantach

An Phríomh-Oifig Staidrimh

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

An Roinn Gnóthaí Eachtracha

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

An Roinn Oideachais

Oideachas d'fhonn Forbairt Inbhuanaithe

CNCM An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Eagraíocht neamhrialtasach

Oiliúint Tosaigh Múinteoirí

EOECNA Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland